



Uimhir 39 de 2012

AN tACHT UM FHREAGRACHT BHUISÉADACH, 2012

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

LÉIRIÚ

Alt

1. Léiriú.

CUID 2

NA RIALACHA BUISÉADACHA

2. Dualgas an Rialtais féachaint leis na rialacha buiséadacha a chomhlíonadh.
3. An riail bhuiséadach.
4. An riail fiachais.
5. Cuspóir buiséadach meántearma.
6. Sásra ceartúcháin.

CUID 3

COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH BHUISÉADACH NA hÉIREANN

7. Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann.
8. Feidhmeanna na Comhairle Buiséadaí.

CUID 4

ILGHNÉITHEACH AGUS FORLÍONTACH

9. Rialacháin.
10. Caiteachais.
11. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

[Uimh. 39.] *An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach*, [2012.]
2012.

AN SCEIDEAL

COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH BHUISÉADACH NA hÉIREANN

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 1990	1990, Uimh. 33
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
Na hAchtanna um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998	
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	1997, Uimh. 13
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37



Uimhir 39 de 2012

AN tACHT UM FHREAGRACHT BHUISÉADACH, 2012

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN A ÁIRITHIÚ GO nGABHFAIDH ÉIFEACHT I nDLÍ AN STÁIT LEIS NA RIALACHA IN AIRTEAGAL 3 DEN CHONRADH AR CHOBHSAÍOCHT, AR CHOMHORDÚ AGUS AR RIALACHAS SAN AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA DE RÉIR MHÍR 2 DEN AIRTEAGAL SIN AGUS GO nGABHFAIDH ÉIFEACHT SA STÁT LEIS AN RIAIL IN AIRTEAGAL 4 DEN CHONRADH SIN; DO DHÉANAMH SOCRÚ DE RÉIR AIRTEAGAL 3 DEN CHONRADH SIN I nDÁIL LE CUSPÓIR BUISÉADACH MEÁNTÉARMACH AGUS LE SÁSRA CEARTÚCHÁIN; DO BHUNÚ COMHLACHTA AR A dTABHARFAR COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH BHUISÉADACH NA hÉIREANN NÓ, SA BHÉARLA, *THE IRISH FISCAL ADVISORY COUNCIL* AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH A FEIDHMEANNA; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[27 Samhain 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

LÉIRIÚ

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “Rialachán 1997 maidir le heasnamh iomarcach” Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 an 7 Iúil 1997 ón gComhairle¹ arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1056/2005 an 27 Meitheamh 2005 ón gComhairle² agus Rialachán (AE) Uimh. 1177/2011 an 8 Samhain 2011 ón gComhairle³;

ciallaíonn “Rialachán 1997 um fhaireachas agus comhordú” Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 an 7 Iúil 1997 ón gComhairle⁴ arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1055/2005 an 27 Meitheamh 2005 ón

¹IO Uimh. L209, 2.8.1997, lch.6

²IO Uimh. L174, 7.7.2005, lch.5

³IO Uimh. L306, 23.11.2011, lch.33

⁴IO Uimh. L209, 2.8.1997, lch.1

[Uimh. 39.] *An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach*, [2012.]
2012.

gComhairle⁵ agus le Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 an 16 Samhain 2011⁶;

ciallaíonn “Rialachán 2009” Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 an 25 Bealtaine 2009 ón gComhairle⁷ arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 679/2010 an 26 Iúil 2010 ón gComhairle⁸;

ciallaíonn “Conradh 2012” an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta arna dhéanamh sa Bhuiséil an 2 Márta 2012;

ciallaíonn “iarmhéid struchtúrtha bliantúil de chuid an rialtais ghinearálta”, i ndáil le bliain, an t-easnamh rialtais ghinearálta nó an barrachas rialtais ghinearálta don bhliain, arna choigeartú ar bhonn timthriallach, agus tar éis bearta aon uaire agus sealadacha, arna shloinneadh mar chéatadán den olltáirgeacht intíre de réir phraghsanna an mhargaidh;

ciallaíonn “Buiséad”, i ndáil le bliain, an Ráiteas Airgeadais agus an t-ábhar gaolmhar a thíolacann an tAire do Dháil Éireann, agus na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí, lena leagtar amach tograí an Rialtais don bhliain maidir le cáin agus ioncaim eile a chruinniú agus le caiteachas poiblí;

forléireofar “riail bhuiséadach” de réir *alt 3*;

ciallaíonn “arna choigeartú ar bhonn timthriallach” arna choigeartú chun na héifeachtaí a meastar gur de dheasca oibriú an timthrialla eacnamaíoch iad a chur san áireamh;

ciallaíonn “Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí” na meastacháin caiteachais a chuireann an Rialtas faoi bhráid Dháil Éireann lena gceadú i ndáil le deontais soláthair agus leithreasáí-gcabhair i leith seirbhísí soláthair do bhliain;

ciallaíonn “córas cuntas Eorpach” an córas Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal de réir mar a fhoráiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 an 25 Meitheamh 1996 ón gComhairle⁹, amhail mar atá éifeacht leis agus é arna leasú ó am go ham;

ciallaíonn “imthosca eisceachtúla”—

- (a) tréimhse ar lena linn atá mórtionchar ag teagmhas neamhghnách, nach bhfuil aon smacht ag an Stát air, ar staid airgeadais an rialtais ghinearálta, nó
- (b) tréimhse inarb ann do mhórchor chun donais eacnamaíoch,

de réir bhrí an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Fáis;

tá le “Comhairle Bhuiséadach” an bhrí a thugtar dó le *halt 7(1)*;

⁵IO Uimh. L174, 7.7.2005, lch.1

⁶IO Uimh. L306, 23.11.2011, lch.12

⁷IO Uimh. L145, 10.6.2009, lch.1

⁸IO Uimh. L198, 30.7.2010, lch. 1

⁹IO Uimh. L310, 30.11.1996, lch.1

ciallaíonn “seasamh buiséadach” an t-athrú ar an iarmhéid struchtúrtha bliantúil de chuid an rialtais ghinearálta, gan íocaíochtaí úis ar fhiachas an rialtais ghinearálta, arna shloinneadh mar chéatadán den olltáirgeacht intíre de réir phraghsanna an mhargaidh, a chur san áireamh, do bhliain i gcoibhneas leis an mbliain roimhe sin;

déanfar “rialtas ginearálta”, i ndáil leis an Stát, a fhorléiriú de réir an chórais cuntas Eorpaigh;

ciallaíonn “fiachas rialtais ghinearálta”, i ndáil le bliain, ollfhiachas iomlán rialtas ginearálta an Stáit, de réir luacha ainmniúil, atá gan íoc i ndeireadh na bliana, arna ríomh de réir Rialachán 2009;

ciallaíonn “easnamh rialtais ghinearálta”, i ndáil le bliain, glaniasachtaí rialtas ginearálta an Stáit don bhliain, arna ríomh de réir Rialachán 2009;

ciallaíonn “barrachas rialtais ghinearálta”, i ndáil le bliain, glaniasachtú rialtas ginearálta an Stáit don bhliain, arna ríomh de réir Rialachán 2009;

ciallaíonn “olltáirgeacht intíre de réir phraghsanna an mhargaidh”, i ndáil le bliain, olltáirgeacht intíre an Stáit don bhliain de réir phraghsanna an mhargaidh, arna ríomh de réir an chórais cuntas Eorpaigh;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí chéanna atá leis san Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn “cuspóir buiséadach meántéarmach” an cuspóir buiséadach meántéarmach a cheanglaítear le Rialachán 1997 um fhaireachas agus comhordú;

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “réamhaisnéisí oifigiúla” na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha a fhoilsíonn an Roinn Airgeadais chun críocha pleanála buiséadaí agus ar a dtugtar na réamhaisnéisí Earraigh agus na réamhaisnéisí Fómhair;

ciallaíonn “Comhaontú Cobhsaíochta agus Fáis” Rialachán 1997 um fhaireachas agus comhordú, Rialachán 1997 maidir le heasnamh iomarcach agus Rún an 17 Meitheamh, 1997 ón gComhairle Eorpach ar an gComhaontú Cobhsaíochta agus Fáis¹⁰;

ciallaíonn “clár cobhsaíochta” an clár cobhsaíochta a cheanglaítear le hAirteagal 3(1) de Rialachán 1997 um fhaireachas agus comhordú;

déanfar “fo-earnáil”, i ndáil leis an rialtas ginearálta, a fhorléiriú de réir an chórais cuntas Eorpaigh.

(2) Tá le focal nó abairt a úsáidtear san Acht seo agus i gConradh 2012, mura léir a mhalairt a bheith ar intinn, an bhrí chéanna san Acht seo atá leis nó léi i gConradh 2012.

¹⁰IO Uimh. C236, 2.8.1997, lch.1

[Uimh. 39.] *An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach*, [2012.]
2012.

CUID 2

NA RIALACHA BUISÉADACHA

Dualgas an Rialtais
féachaint leis na
rialacha
buiséadacha a
chomhlíonadh.

2.—(1) Féachfaidh an Rialtas lena áirithiú go gcomhlíonfar—

(a) an ceanglas a fhorchuirtear le *halt 3* (an riail
bhuiséadach), agus

(b) an ceanglas a fhorchuirtear le *halt 4* (an riail fiachais),

a dhíorthaíonn as Airteagail 3 agus 4, faoi seach, de Chonradh 2012.

(2) Déanfar na sonraí is gá chun a mheasúnú an bhfuil an ceanglas
a shonraítear i *bhfo-alt (1)(a)* comhlíonta a leagan amach sna
réamhaisnéisí oifigiúla.

An riail
bhuiséadach.

3.—(1) Is éard atá sa riail bhuiséadach go ndéantar, do gach
bliain—

(a) an coinníoll buiséadach (atá leagtha amach i *bhfo-alt*
(2)), nó

(b) an coinníoll conaire coigeartaithe (atá leagtha amach i
bhfo-alt (4)),

a chomhlíonadh.

(2) Is éard atá sa choinníoll buiséadach—

(a) go bhfuil cothromaíocht nó barrachas i staid bhuiséadach
an rialtais ghinearálta, nó

(b) gur de dheasca imthosca eisceachtúla amháin nach
gcomhlíontar an ceanglas i *mír (a)* agus nach gcuirtear
inmharthanacht bhuiséadach i mbaol sa tréimhse
mheántéarmach mar gheall ar an mainneachtain é a
chomhlíonadh.

(3) Measfar an ceanglas i *bhfo-alt (2)(a)* a bheith urramaithe má
bhíonn an iarmhéid struchtúrtha bliantúil de chuid an rialtais
ghinearálta de réir an chuspóra bhuiséadaigh mheántearmaigh.

(4) Is éard atá sa choinníoll conaire coigeartaithe—

(a) go bhfuil an iarmhéid struchtúrtha bliantúil de chuid an
rialtais ghinearálta ag coinbhéirsiú i dtreo an chuspóra
bhuiséadaigh mheántearmaigh i gcomhréir leis an gcreat
ama atá leagtha amach de réir Rialachán 1997 um
fhaireachas agus comhordú, nó

(b) gur de dheasca imthosca eisceachtúla amháin nach
gcomhlíontar an ceanglas i *mír (a)* agus nach gcuirtear an
inmharthanacht bhuiséadach i mbaol sa tréimhse
mheántéarmach mar gheall ar an mainneachtain é a
chomhlíonadh.

An riail fiachais.

4.—Nuair is mó ná 60 faoin gcéad an coibhneas idir an fiachas
rialtais ghinearálta agus an olltáirgeacht intíre de réir phraghsanna

an mhargaidh, laghdófar an coibhneas de réir Rialachán 1997 maidir le heasnamh iomarcach go dtí go sroichfidh an coibhneas 60 faoin gcéad.

5.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), is éard a bheidh in íostearainn an chuspóra bhuiséadaigh mheántearmaigh iarmhéid struchtúrtha bliantúil de chuid an rialtais ghinearálta arb éard é lúide 0.5 faoin gcéad den olltáirgeacht intíre de réir phraghsanna an mhargaidh. Cuspóir buiséadach meántearma.

(2) Más lú go suntasach ná 60 faoin gcéad an coibhneas idir an fiachas rialtais ghinearálta agus an olltáirgeacht intíre de réir phraghsanna an mhargaidh, agus má tá na baoil i dtéarmaí inmharthanacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí íseal, is éard a bheidh in íostearainn an chuspóra bhuiséadaigh mheántearmaigh iarmhéid struchtúrtha bliantúil de chuid an rialtais ghinearálta arb éard é lúide 1 faoin gcéad den olltáirgeacht intíre de réir phraghsanna an mhargaidh.

6.—(1) Má dhíríonn an Coimisiún rabhadh ar an Stát faoi Airteagal 6(2) de Rialachán 1997 um fhaireachas agus comhordú nó más dóigh leis an Rialtas gurb ann do mhainneachtain an rialail bhuiséadach a chomhlíonadh ar diall suntasach í chun críocha Airteagal 6(3) den Rialachán sin, déanfaidh an Rialtas, laistigh de 2 mhí, plean a ullmhú agus a leagan faoi bhráid Dháil Éireann ina sonrófar an méid is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an rialail bhuiséadach. Sásra ceartúcháin.

(2) Sa phlean—

- (a) sonrófar an tréimhse ina bhfuil comhlíonadh na rialach buiséadaí le baint amach,
- (b) más faide ná bliain an tréimhse sin, sonrófar spriocanna bliantúla a bheidh le comhlíonadh le linn gluaiseacht i dtreo an chomhlíonta sin,
- (c) sonrófar méid agus cineál na mbeart ioncaim agus caiteachais a bheidh le déanamh chun an comhlíonadh sin a áirithiú, agus
- (d) leagfar amach an modh ina mbainfidh aon bhearta ioncaim agus caiteachais a bheidh le déanamh le fo-earnálacha éagsúla den rialtas ghinearálta.

(3) Beidh an fhoráil a dhéanfar sa phlean ar comhréir—

- (a) le rialacha an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Fáis,
- (b) le haon mholtaí a chuirfear faoi bhráid an Stáit faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Fáis i ndáil leis an tréimhse ina bhfuil comhlíonadh na rialach buiséadaí le baint amach agus le méid na mbeart a bheidh le déanamh chun an comhlíonadh sin a áirithiú, agus
- (c) leis an gclár cobhsaíochta reatha.

(4) Más dóigh leis an Rialtas gur tharla imthosca eisceachtúla le linn na tréimhse a bheidh sonraithe sa phlean, ní cheanglaítear a thuilleadh na nithe a shonraítear sa phlean a dhéanamh; ach nuair is dóigh leis an Rialtas nach ann a thuilleadh do na himthosca

eisceachtúla, déanfaidh an Rialtas, mura rud é nach ann a thuilleadh do mhainneachtain amhail mar a luaitear i *bhfo-alt (1)*, laistigh de 2 mhí, plean nua a ullmhú agus a leagan faoi bhráid Dháil Éireann faoin bhfo-alt sin.

(5) Más dóigh leis an Rialtas gur dóigh go dtarlóidh mainneachtain an riail buiséadach a chomhlíonadh féadfaidh an Rialtas, laistigh de 2 mhí, ráiteas a ullmhú agus a leagan faoi bhráid Dháil Éireann ina leagfar amach na bearta a bheartaíonn an Rialtas a dhéanamh chun mainneachtain den sórt sin a sheachaint.

CUID 3

COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH BHUISÉADACH NA hÉIREANN

Comhairle
Chomhairleach
Bhuiséadach na
hÉireann.

7.—(1) Beidh comhlacht ann ar a dtabharfar Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann nó, sa Bhéarla, *The Irish Fiscal Advisory Council* (dá ngairtear “an Chomhairle Bhuiséadach” san Acht seo) chun na feidhmeanna a thabharfar dó nó a fhorchuirfear air a chomhlíonadh.

(2) Maidir leis an gComhairle Bhuiséadach—

(a) is comhlacht corpraithe í agus comharbas suthain agus séala aici, agus

(b) féadfaidh sí agairt a dhéanamh, agus beidh sí inagartha, ina hainm corpraithe.

(3) Beidh feidhm ag an *Sceideal* i ndáil leis an gComhairle Bhuiséadach.

Feidhmeanna na
Comhairle
Buiséadaí.

8.—(1) Beidh an Chomhairle Bhuiséadach neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

(2) Déanfaidh an Chomhairle Bhuiséadach faireachán, agus uair amháin ar a laghad gach bliain soláthróidh sí measúnacht, i dtaobh an bhfuil aon oibleagáid faoi *alt 2(1)(a)* nó *6(1)*, nó aon oibleagáid nithe a dhéanamh a shonraítear i bplean faoi *alt 6(1)*, á comhlíonadh.

(3) Beidh ar áireamh i measúnacht faoi *fho-alt (2)*, measúnacht i dtaobh an amhlaidh (i dtuairim na Comhairle Buiséadaí)—

(a) gurb ann, nó nach ann a thuilleadh, d’imthosca eisceachtúla,

(b) gurb ann do mhainneachtain den sórt dá dtagraítear in *alt 6(1)*, agus

(c) le linn aon tréimhse a bheidh sonraithe i bplean faoi *alt 6(1)*, go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh de réir an phlean i dtreo an riail buiséadach a chomhlíonadh.

(4) Déanfaidh an Chomhairle Bhuiséadach—

(a) measúnacht ar na réamhaisnéisí oifigiúla a sholáthar, agus

(b) i ndáil le gach Buiséad agus clár cobhsaíochta, measúnacht a sholáthar i dtaobh an seasamh buiséadach a chabhróidh le bainistiú eacnamaíoch agus buiséadach stuama, lena n-áirítear faoi threoir fhorálacha an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Fáis, i dtuairim na Comhairle Buiséadaí, an seasamh buiséadach don bhliain nó do na blianta lena mbaineann.

(5) Déanfaidh an Chomhairle Bhuiséadach, a luaithe is indéanta tar éis measúnacht faoin alt seo a chur i gcrích, cóip den mheasúnacht a thabhairt don Aire agus an mheasúnacht a fhoilsiú laistigh den tréimhse 10 lá dar tosach an lá a thabharfar an chóip amhlaidh.

(6) Mura nglacfaidh an Rialtas le measúnacht ón gComhairle Bhuiséadach i ndáil le haon cheann de na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, déanfaidh an tAire, laistigh de 2 mhí ón tráth a thabharfar cóip den mheasúnacht dó nó di faoi *fho-alt (5)*, ráiteas i dtaobh chúiseanna an Rialtais gan glacadh léi a ullmhú agus a leagan faoi bhráid Dháil Éireann.

(7) Beidh ag an gComhairle Bhuiséadach na cumhachtaí sin go léir is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh nó a ghabhann lena gcomhlíonadh.

CUID 4

ILGHNÉITHEACH AGUS FORLÍONTACH

9.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh ar bhonn na Rialacháin. bprionsabal coiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chonradh 2012.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Ní dhéanfaidh an tAire rialacháin faoin alt seo mura ndearnadh dréacht de na Rialacháin a leagan faoi bhráid Dháil Éireann agus mura ndearnadh é a cheadú le rún arna rith ag Dáil Éireann.

10.—Déanfar na caiteachais a thabhoíd an tAire ag riaradh an Caiteachais. Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

11.—(1) Féadfar an tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 a Gearrtheideal agus ghairm den Acht seo. tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

[Uimh. 39.] *An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach*, [2012.]
2012.

Alt 7.

AN SCEIDEAL

COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH BHUISÉADACH NA hÉIREANN

Comhaltas

1. (1) 5 chomhalta a bheidh ar an gComhairle Bhuiséadach.
- (2) Faoi réir *mhír* 3, déanfaidh an tAire comhaltaí na Comhairle Buiséadaí a cheapadh.
- (3) Le linn dó nó di comhaltaí na Comhairle Buiséadaí a cheapadh, déanfaidh an tAire—
 - (a) aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé go mbeadh inniúlacht agus taithí acu ar ghnóthaí maicreacnamaíocha nó buiséadacha baile nó idirnáisiúnta, agus
 - (b) a mhéid is indéanta, cóimheá iomchuí idir fir agus mná a chinntiú i gcomhaltas na Comhairle Buiséadaí.
- (4) I gcás go mbeidh folúntas (cibé slí a dtarlóidh sé) i gcomhaltas na Comhairle Buiséadaí déanfaidh an tAire, más indéanta déanamh amhlaidh le réasún, ionadaí a cheapadh roimh dheireadh na tréimhse 6 mhí dar tosach an lá a tharla an folúntas.
- (5) Is é nó is í cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí cibé duine dá comhaltaí a bheidh ainmnithe amhlaidh de thuras na huaire ag an Aire.

Téarma oifige

2. (1) Seachas i gcás go ndéantar foráil le *mír* 3 nó 4(5) gurb í an tréimhse a shonraítear ansin téarma oifige comhalta den Chomhairle Bhuiséadach, is é 4 bliana téarma oifige comhalta den Chomhairle Bhuiséadach.
- (2) Ní fhéadfaidh duine a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Bhuiséadach ar feadh níos mó ná 2 théarma oifige chomhleanúnacha ach beidh sé nó sí inathcheaptha mar chomhalta thairis sin.

Na comhaltaí tosaigh a cheapadh

3. Gach duine is comhalta den Chomhairle Bhuiséadach neamhrechtúil, díreach roimh an lá a cheapfar le haghaidh theacht i ngníomh *alt* 7(1), tiocfaidh sé nó sí an lá sin (mura ndiúltaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh) chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Bhuiséadach agus, de réir mar a chinnfidh an tAire tar éis dul i gcomhairle le gach duine den sórt sin, is é 2 bhliain, 3 bliana nó 4 bliana ón tráth a thiocfaidh *alt* 7(1) i bhfeidhm a théarma oifige nó a téarma oifige.

Éirí as oifig agus oifig a fhoirceannadh

4. (1) Féadfaidh comhalta den Chomhairle Bhuiséadach éirí as oifig aon tráth trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a bheidh sonraithe sa litir nó ar an dáta a gheobhaidh an tAire an litir, cibé acu is déanaí.

(2) Faoi réir *fhomhír* (3), féadfaidh an tAire comhalta den Chomhairle Bhuiséadach a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire—

- (a) go mbeidh an comhalta tar éis éirí éagumasach, de dheasca easláinte, ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtach,
- (b) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,
- (c) go bhfuil easaontacht leasa ag an gcomhalta atá chomh suntasach sin gur cheart, i dtuairim an Aire, go scoirfeadh an comhalta de bheith i seilbh na hoifige, nó
- (d) gur dealraitheach gur gá an comhalta a chur as oifig le go ndéanfaidh an Chomhairle Bhuiséadach a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

(3) Ní ceadmhach comhalta den Chomhairle Bhuiséadach a chur as oifig faoi *fhomhír* (2) mura rithfidh Dáil Éireann rún lena bhforálfar don chur as oifig agus ina luafar na forais atá leis.

(4) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú, agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, mar chomhalta den Chomhairle Bhuiséadach más rud é—

- (a) go mbreithnítear ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
- (b) go ndéanann sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,
- (c) go gciontaítear ar díotáil é nó í i gcion, nó go ndéantar é nó í a chiontú lasmuigh den Stát i gcion arb éard é gníomhartha nó neamhghníomhartha ar chion ab intrialte ar díotáil iad dá mba sa Stát a dhéanfaí iad,
- (d) go gciontaítear é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, nó
- (e) go mbeidh dearbhú faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 déanta ina choinne nó ina coinne nó go mbeidh sé nó sí faoi réir, nó go meastar é nó í a bheith faoi réir, ordú dícháilíochta de bhua Chuid VII den Acht sin.

(5) I gcás go gceapfaidh an tAire comhalta nua den Chomhairle Bhuiséadach mar geall ar chomhalta den Chomhairle Bhuiséadach d'fháil bháis, d'éirí as oifig, a chur as oifig nó teacht chun bheith dícháilithe chun oifig a shealbhú, is é téarma oifige an chomhalta nua a mbeidh fágtha de théarma oifige an iarchomhalta.

(6) Faoi réir cibé rialacha a dhéanfaidh an Chomhairle Bhuiséadach maidir le córam, féadfaidh an Chomhairle Bhuiséadach gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i gcomhaltas na Comhairle.

Luach saothair agus téarmaí agus coinníollacha oifige eile

5. Maidir le gach comhalta den Chomhairle Bhuiséadach—

Sc.

[Uimh. 39.] *An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach*, [2012.]
2012.

- (a) beidh siad i seilbh oifige ar cibé téarmaí (seachas luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a íoc) a chinnfidh an tAire, agus
- (b) íocfaidh an Chomhairle Bhuiséadach leis nó léi, as na hacmhainní a bheidh faoina réir aici, cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas (más ann) a chinnfidh an tAire.

Foireann

6. (1) Féadfaidh an Chomhairle Bhuiséadach cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh le bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann na Comhairle Buiséadaí, agus sin ar cibé téarmaí a chinnfidh an Chomhairle Bhuiséadach, le toiliú roimh ré ón Aire arna thabhairt tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(2) Íocfar comhalta d'fhoireann na Comhairle Buiséadaí as an airgead a bheidh faoina réir ag an gComhairle Bhuiséadach.

Comhaltas den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil

7. (1) Tá feidhm ag *fomhír* (2) más rud é, tráth ar bith (dá ngairtear “an tráth ábhartha” sa mhír seo), maidir le duine is comhalta den Chomhairle Bhuiséadach nó d'fhoireann na Comhairle Buiséadaí—

- (a) go ndéantar é nó í a ainmniú mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh chun ceachtar Tí den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa,
- (b) go n-ainmnítear é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (c) go dtoghtar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (d) go meastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh, nó
- (e) go dtagann sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

(2) An duine dá dtagraítear i *bhfomhír* (1)—

- (a) más comhalta den Chomhairle Bhuiséadach é nó í, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Bhuiséadach, agus
- (b) más comhalta d'fhoireann na Comhairle Buiséadaí é nó í, beidh sé nó sí ar iasacht ó fhostaíocht na Comhairle Buiséadaí, agus ní íocfaidh an Chomhairle Bhuiséadach leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón gComhairle Bhuiséadach, aon luach saothair ná liúntais i leith caiteachas i leith na tréimhse dar tosach an tráth ábhartha agus dar críoch an tráth a scoirfidh an duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa nó den údarás áitiúil.

(3) Aon duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Bhuiséadach nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Comhairle Buiséadaí.

(4) Gan dochar do ghinearálacht *chlásal (b) d'fhomhír (2)*, déanfar an clásal sin a léamh mar chlásal a thoirmisceann, i measc nithe eile, tréimhse atá luaite ann a ríomh mar sheirbhís leis an gComhairle Bhuiséadach chun críocha aon sochar aoisliúntais.

Toirmeasc ar nochtadh faisnéise faoi rún

8. (1) Ní dhéanfaidh aon duine, gan an toiliú iomchuí nó mar a cheanglaítear le dlí, faisnéis faoi rún a nochtadh a gheobhaidh an duine sin in aon cháil, nó le linn feidhmeanna a chomhlíonadh—

(a) mar chomhalta den Chomhairle Bhuiséadach, nó

(b) mar chomhalta d'fhoireann na Comhairle Buiséadaí.

(2) Aon duine a sháraíonn *fomhír (1)* tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlítear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh an tAire imeachtaí achoimre i leith ciona faoin mír seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(4) Ní choiscfidh aon ní i *bhfomhír (1)* nochtadh faisnéise don Chomhairle Bhuiséadach ná ag an gComhairle Bhuiséadach nó thar ceann na Comhairle Buiséadaí don Aire.

(5) Ní choiscfidh aon ní i *bhfomhír (1)* duine do nochtadh faisnéise sna himthosca dá dtagraítear in alt 35(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

(6) Sa mhír seo—

ciallaíonn “faisnéis faoi rún” faisnéis a mbeidh sé ráite ag an gComhairle Bhuiséadach ina leith nó, i gcás faisnéise arna tabhairt ag an Aire don Chomhairle Bhuiséadach, a mbeidh sé ráite ag an Aire ina leith, go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe;

ciallaíonn “toiliú iomchuí”—

(a) i gcás faisnéise a bhfuil sé ráite ag an gComhairle Bhuiséadach ina leith go bhfuil sí faoi rún, toiliú i scríbhinn ón gComhairle Bhuiséadach, agus

(b) i gcás faisnéise a bhfuil sé ráite ag an Aire ina leith go bhfuil sí faoi rún, toiliú i scríbhinn ón Aire.

Maoiniú

9. (1) Faoi réir *fhomhír (2)*, déanfar an caiteachas a thabhoídh an Chomhairle Bhuiséadach ag comhlíonadh a feidhmeanna a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis agus a íoc amach as sin.

Sc.

[Uimh. 39.] *An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach*, [2012.]
2012.

(2) Faoi réir *fhomhír* (3), ní dhéanfar níos mó ná an tsuim a shonraítear i *bhfomhír* (4) a mhuirearú agus a íoc amach amhlaidh d'aon bhliain.

(3) Má thagann *alt* 7(1) i ngníomh ar shlí seachas i dtús bliana, déanfar an méid a mhuirearófar agus a íocfar amach amhlaidh don bhliain sin a laghdú *pro rata*.

(4) Is í an tsuim dá dtagraítear i *bhfomhír* (2)—

(a) don bhliain ina dtagann *alt* 7(1) i ngníomh, €800,000, agus

(b) do gach bliain dá éis, an tsuim a bhfuil feidhm aici (cibé acu de bhua *chlásal* (a) nó de bhua an chlásail seo) don bhliain roimhe arna coigeartú leis an athrú céatadánach bliantúil ar an Treoir Chomhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí arna foilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i leith na bliana roimhe.

Cuntais agus iniúchadh

10. (1) Coimeádfaidh an Chomhairle Bhuiséadach, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar fháltais agus ar chaiteachas ag an gComhairle Bhuiséadach agus coimeádfaidh sí aon chuntais speisialta a ordóidh an tAire ó am go ham.

(2) Déanfar cuntais arna gcoimeád faoin mír seo agus arna síniú ag cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí (arb é nó í an t-oifigeach a bheidh cuntasach sna cuntais sin chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998), a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh a luaithe is indéanta (ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasáíochta lena mbaineann siad).

(3) Déanfar cóip d'aon chuntais de chuid na Comhairle Buiséadaí a bheidh iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a thabhairt don Aire a luaithe is indéanta le réasún agus leagfaidh an tAire cóip díobh faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(4) Déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, i dteannta na tuarascála ar na Cuntais Leithreasa do gach bliain, tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a bheidh tugtha chun cuntais ag an gComhairle Bhuiséadach faoin mír seo sa bhliain.

(5) (a) Aon uair a cheanglóidh an tAire orthu déanamh amhlaidh, ceadóidh an Chomhairle Bhuiséadach agus aon chomhalta iomchuí den fhoireann, d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire aon chuntais de chuid na Comhairle Buiséadaí a scrúdú agus éascóidh siad an scrúdú agus íocfaidh an Chomhairle Bhuiséadach leis an Aire cibé táille don scrúdú a shocróidh an tAire.

(b) San *fhomhír* seo, ciallaíonn “comhalta iomchuí den fhoireann” comhalta d'fhoireann na Comhairle Buiséadaí dá bhfuil dualgais i ndáil leis na cuntais sin sannta go cuí.

Láithriú os comhair Coistí Oireachtais

11. (1) Déanfaidh cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí, aon uair a iarrfaidh Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálalacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann, i scríbhinn air nó uirthi, fianaise a thabhairt don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh, nó a cheanglaítear a thaifeadadh, in aon chuntas arna choimeád faoi *mhír 10*,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht na Comhairle Buiséadaí i dtaca le húsáid a hacmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Chomhairle Bhuiséadach chun éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don Chomhairle Bhuiséadach agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sí le ní a shonraítear i *gclásal (a)*, (b) nó (c)) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(2) Déanfaidh cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí, aon uair a iarrfar air nó uirthi déanamh amhlaidh, cuntas ar chomhlíonadh fheidhmeanna na Comhairle Buiséadaí a thabhairt do Choiste de cheachtar Teach den Oireachtas.

Saoráil Faisnéise

12. Leasaítear mír 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, i bhfomhír (2), trí “Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann” a chur isteach.

Tuarascáil Bhliantúil

13. (1) Déanfaidh an Chomhairle Bhuiséadach, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil a ullmhú ar a gníomhaíochtaí i rith na bliana lena mbaineann an tuarascáil.

(2) Cuirfidh an Chomhairle Bhuiséadach cóip de gach tuarascáil a ullmhaítear faoi *fhomhír (1)* ar fáil don Aire agus cuirfidh seisean nó sise faoi deara cóip a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta le réasún tar éis an chóip a chur ar fáil amhlaidh.

Séala na Comhairle Buiséadaí

14. (1) Fíordheimhneofar séala na Comhairle Buiséadaí—

- (a) le síniú an chathaoirligh nó comhalta eile den Chomhairle Bhuiséadach a bheidh údaraithe ag an gComhairle Bhuiséadach chun gníomhú chuige sin, agus
- (b) le síniú comhalta d'fhoireann na Comhairle Buiséadaí a bheidh údaraithe ag an gComhairle Bhuiséadach chun gníomhú chuige sin.

Sc.

[Uimh. 39.] *An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach*, [2012.]
2012.

(2) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala na Comhairle Buiséadaí agus, dá réir sin, gach ionstraim—

(a) a airbheartóidh gur ionstraim í a rinne an Chomhairle Bhuiséadach, agus

(b) a airbheartóidh a bheith séalaithe le séala na Comhairle Buiséadaí arna fhíordheimhniú de réir *fhomhír (1)*,

glacfar i bhfianaise í agus measfar gurb í an ionstraim sin í gan a thuilleadh cruthúnais go dtí go gcruthófar a mhalairt.

(3) Féadfaidh aon duine a bheidh údaraithe ag an gComhairle Bhuiséadach i gcoitinne nó go speisialta chun gníomhú chuige sin aon chonradh nó ionstraim, nár ghá a bheith faoi shéala dá ndéanfadh nó dá bhforghníomhódh pearsa aonair é nó í, a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann na Comhairle Buiséadaí.

Áitreabh

15. Féadfaidh an Chomhairle Bhuiséadach, chun áitreabh a sholáthar is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh, oifigí agus áitreabh a léasadh, a threalmhú agus a chothabháil faoi réir thoiliú an Aire tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nós Imeachta agus córam

16. Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an Chomhairle Bhuiséadach a nósanna imeachta féin (lena n-áirítear córam) a rialáil.